**GA**

**GA** **GA**

COMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH

An Bhruiséil, 22.6.2009
COIM(2009)307 leagan deireanach

2007/0097/COD

**TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN**

**de bhun phointe (c) den tríú fomhír d'Airteagal 251(2) de Chonradh CE
ar leasuithe Pharlaimint na hEorpa
ar an gcomhsheasamh ón gComhairle maidir leis an
togra le haghaidh**

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le comhrialacha le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta do sheirbhísí cóiste agus bus (athmhúnlú)**

LENA LEASAÍTEAR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN
de bhun Airteagal 250(2) de Chonradh CE

**TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN**

**de bhun phointe (c) den tríú fomhír d'Airteagal 251(2) de Chonradh CE ar leasuithe Pharlaimint na hEorpa ar an gcomhsheasamh ón gComhairle maidir leis an togra le haghaidh**

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le comhrialacha le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta do sheirbhísí cóiste agus bus (athmhúnlú)**

## 1. RÉAMHRÁ

Foráiltear le pointe (c) den tríú fomhír d'Airteagal 251(2) de Chonradh CE go dtabharfaidh an Coimisiún tuairim uaidh ar na leasuithe a mhol Parlaimint na hEorpa ag an dara léamh. Leagann an Coimisiún amach thíos a thuairim ar na leasuithe atá molta ag an bParlaimint.

## 2. CÚLRA

| | |
|---|---|
| An dáta ar seoladh an togra chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle<br>(doiciméad COIM(2007)264 leagan deireanach – 2007/0097/COD): | 23 Bealtaine 2007 |
| Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: | 26 Meán Fómhair 2007 |
| Dáta na tuairime ó Pharlaimint na hEorpa ag an gcéad léamh: | 5 Meitheamh 2008 |
| An dáta ar seoladh an togra leasaithe: | 13 Meitheamh 2008 |
| An dáta ar glacadh an comhsheasamh: | 9 Eanáir 2009 |
| Dáta na tuairime ó Pharlaimint na hEorpa ag an dara léamh: | 23 Aibreán 2009 |

## 3. CUSPÓIR AN TOGRA

Is é is cuspóir don togra a ghlac an Coimisiún an 23 Bealtaine 2007 comhrialacha a bhunú le haghaidh rochtana ar an margadh do sheirbhísí cóiste agus bus. Gabhfaidh an togra ionad dhá Rialachán a bhfuil feidhm acu faoi láthair. Ar cheann de na príomhchuspóirí tá simpliú an nós imeachta údaraithe maidir le seirbhísí rialta iompair idirnáisiúnta do phaisinéirí.

## 4. TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚIN AR NA LEASUITHE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

Tar éis roinnt míonna d'idirbheartaíocht faoi Uachtaránacht Phoblacht na Seice, tá an Pharlaimint agus an Chomhairle tagtha ar chomhaontú ag an dara léamh, go háirithe maidir le riail nua de dhá lá dhéag a thabhairt isteach. Féadfaidh an Coimisiún glacadh leis na leasuithe

comhréitigh a ghlac Parlaimint na hEorpa ag deireadh an dara léamh chun an comhaontú seo a dhaingniú.

## 5. CONCLÚID

De bhun Airteagal 250(2) de Chonradh CE, déanann an Coimisiún a thogra a leasú mar atá leagtha amach thuas.